C/2025/3120

28.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12014 – STONEPEAK / REPSOL / PECOS RENEWABLES JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3120)

1. An 20 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cleamhnaithe Stonepeak Partners LP (in éineacht le haon cheann dá chleamhnaithe, 'Stonepeak', na Stáit Aontaithe),

— Repsol SA ('Repsol', an Spáinn),

— Pecos Renewables North America LLC ('Pecos Renewables', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú aonair Repsol (an Spáinn) faoi láthair.

Gheobhaidh Stonepeak agus Repsol rialú comhpháirteach ar Pecos Renewables de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta malartach domhanda é Stonepeak agus tá speisialtóireacht aige i mbonneagar agus i sócmhainní réadacha,

— Tá Repsol gníomhach sa tionscal ola agus gáis ar fud an tslabhra luacha agus san fhuinneamh in-athnuaite freisin.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Pecos Renewables:

— Giniúint leictreachais gréine agus stóráil fuinnimh i gceallraí sna Stáit Aontaithe, trí cheithre shócmhainn fuinnimh in-athnuaite atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12014 – STONEPEAK / REPSOL / PECOS RENEWABLES JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË